



# Tuarascáil an Uachtaráin 2014-15









## TRAIDISIÚN AN tSAORMHACHNAIMH

UCC

**Coláiste na hOllscoile Corcaigh**
University College Cork, Ireland

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









# Fáilte

Sa bhliain 2014/15 rinneadh ceiliúradh ar shaol, ar shaothar agus ar oidhreacht an mhúinteora agus an smaointeora ba cháiliúla a bhí i COC, is é sin George Boole (1815–1849). Ba é Boole an chéad ollamh le matamaitic in Queen's College, Cork (mar a thugtaí ar COC an uair sin) tar éis a bhunaithe agus ba é ceannródaí na haoise digití é.

Reáchtáladh George Boole 200, clár imeachtaí, taispeántas, foilseachán agus léachtaí a lean ar aghaidh ar feadh na bliana, ina measc mórchlár faisnéise agus comhdhálacha acadúla a tharraing aird ar scéal iontach Boole agus an bhaint a bhí aige le COC. Tháinig an clár chun críche an 2 Samhain 2015, Lá George Boole, nuair a bhí oidhreacht Boole i mbéal an phobail dhomhanda a bhuí le teicneolaíochtaí cumarsáide digití nach mbeadh ann gan a chuid oibre féin. Chuir an nuacht sin sna meáin chumarsáide le cáilmheas domhanda COC mar cheannródaí ó thaobh ábhar STEM de.

Tháinig fás go leanúnach ar COC. Tháinig méadú go 20,742 ar líon iomlán na mac léinn a bhí ag déanamh staidéir ar chúrsaí fochéime, iarchéime, forbartha gairmiúla leanúnaí, páirtaimseartha/gairide agus ar líne. B'ionann líon na mac léinn idirnáisiúnta agus 15.4% den líon iomlán mac léinn as breis is 90 tír, rud atá ag teacht leis an *bPlean Straitéiseach 2013–2017*.

Luaigh 6,648 mac léinn tréitheach COC mar chéadrogha ar a bhfoirm iarratais CAO 2015, ar méadú 6% é sin ar CAO 2014. Leanann COC air ag sárú threochtaí na hearnála maidir le laghdú ar líon na mac léinn a thugann faoin sruithléann agus faoi na healaíona. Tugadh isteach córas bunaithe ar sheimeastair do gach clár i mbliana, freisin.


Is mór ag COC riamh an suíomh aoibhinn cois abhann agus an campas 'glas' atá aige. Ar na tograí caipitil ar tugadh fúthu chun an campas a fheabhsú mar ionad teagaisc, foghlama agus oibre bhí Foirgneamh Beaufort, arb fhiú €11.5m é i Rinn an Scidígh ina mbeidh Áislann Tástála Náisiúnta Aigéin COC mar aon le hoiread agus 125 taighdeoir, ina measc an tIonad Taighde Hiodrálaice agus Muirí (HMRC), an tIonad Muirí Cósta agus Acmhainní (CMRC) agus an Mheitheal Taighde Fuinnimh Inbhuanaithe. Tugadh an chéim dheiridh d'Fhoirgneamh an Gheatha Thiar chun críche, freisin.

Leanfaimid orainn ar thóir an fheabhais maidir le caighdeán eispéireas iomlánaíoch na mac léinn. Is é an léiriú is fearr ar an ngeallúint sin Lárionad nua Mac Léinn i gcroílár an champais i bhFoirgneamh Windle. Beidh cúig 'limistéar' a mbeidh nasc eatarthu sa Lárionad sin. An Limistéar Fáilte, An Limistéar Foghlama agus Teagaisc, An tIonad Rathúlachta Mac Léinn, an Limistéar Infhostaitheachta agus Limistéar Shaol na Mac Léinn. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh an togra uaillmhianach uile-ollscoile sin, atá faoi stiúir na hOifige um Eispéireas na Mac Léinn, chun críche in 2017.

Bhain COC aitheantas oifigiúil amach ón HSE mar Ollscoil um Chothú Sláinte, an chéad ollscoil in Éirinn ar bronnadh an gradam sin uirthi, i mí Feabhra 2015. Tugann an gradam sin aitheantas d'éacht COC maidir lena thiomanta atá sé do shláinte agus d'fholláine na mac léinn agus na mball foirne agus is toradh é ar thogra ceithre bliana a bhí ar siúl ag foireann Health Matters na hollscoile.

Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go gcuirfí samhail mhaith inbhuanaithe maoiniúcháin ar fáil don ollscoil ach méid an mhaoinithe a fhaightear ó fhoinsí eile seachas an Státchiste a mhéadú. Tá cuma mhaith ar theilgean ioncaim thaighde COC don am atá romhainn amach. Tá COC fós ar cheann de na hollscoileanna is fearr maoiniú in Éirinn, agus infheistíocht R&D ag sárú €90m, arb ionann é sin agus méadú 15% (€11.5m) le cúig bliana anuas in ainneoin cúinsí dúshlánacha eacnamaíochta.

Is mór an chúis áthais dom é go raibh COC fós i measc an dó faoin gcéad is fearr ollscoileanna ar fud an domhain sa bhliain 2014/15. Baineadh é sin amach de bhun obair chrua agus dhíograis phobal na hollscoile, idir mhic léinn, lucht teagaisc, chomhaltaí gairmiúla foirne, taighdeoirí agus alumni.
Is é toradh na hoibre sin a dhéanaimid i gcomhar lena chéile go bhfuil an-tóir ar COC mar ionad foghlama, teagaisc, taighde, fionnachtana agus nuálaíochta.



Michael B. Murphy
An tUachtarán, Ollscoil na hÉireann Corcaigh

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |









# Spléachadh ar COC

## Líon na Mac Léinn 2014/15

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na Mac Léinn Cláraithe | 20,742 |
| Fochéimithe Lánaimseartha | 12,361 |
| Fochéimithe Páirtaimseartha | 244 |
| Cianfhoghlaim | 158 |
| Iarchéimithe | 4,024 |
| PhD Taighde | 1,119 |
| Máistreachtaí Taighde | 164 |
| Mic Léinn Aibí Lánaimseartha | 1,130 |
| Mic Léinn Idirnáisiúnta | 3,765 |
| Mic Léinn Cláraithe atá faoi mhíchumas | 1,102 |

## Roghanna CAO

**+6%**

**6,648**

Luaigh 6,648 mac léinn COC mar chéadrogha ar a bhfoirm iarratais CAO 2015, ar méadú 6% é sin ar CAO 2014.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









## Céimeanna Bronnta

| CÚRSAÍ FOCHÉIME | |
|---|---|
| Céimeanna | 2,811 |
| Teastais agus Dioplómaí | 203 |
| Teastais agus Dioplómaí ACE | 1,185 |
| **Iomlán** | **4,199** |
| **CÚRSAÍ IARCHÉIME** | |
| Dochtúireachtaí | 225 |
| Máistreachtaí - Taighe agus Múinte | 1,310 |
| Teastais, Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí | 443 |
| Máistreachtaí ACE | 25 |
| Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí ACE | 143 |
| Máistreachtaí IMI | 97 |
| Teastais agus Dioplómaí IMI | 325 |
| **Iomlán** | **2,568** |
| **IOMLÁN** | **6,767** |

## Suirbhé 2014 ar Cheann Scríbe Chéimithe COC

- bhí **92%** de chéimithe uile COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí **94%** de chéimithe bunchéime COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí **89%** de chéimithe iarchéime agus ard-dioplóma COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí **95%** de na céimithe uile i mbun fostaíochta in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.

## Rangú Domhanda

| RANGÚ DOMHANDA | 2014/15 |
|---|---|
| Rangú Domhanda QS | 233 |
| Rangú Shanghai Jiao Tong | 401-500 |
| Rangú Times Higher Education | 351-400 |
| Rangú Leiden | 188 |
| Rangú Ollscoileanna Éireannach an Sunday Times | 2 |
| Rangú UI Green Metric | 2 |

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










# Forléargas Airgeadais

| ACHOIMRE AR IONCAM 2014/15 | | | |
|---|---|---|---|
| €m | 2014/15 | 2013/14 | Gluaiseacht |
| Deontais Stáit | 41.7 | 46.6 | (4.9) |
| Táillí Mac Léinn | 122.6 | 119.6 | 3.0 |
| Taighde | 89.9 | 83.9 | 6.0 |
| Ioncam Eile | 19.9 | 20.7 | (0.8) |
| Ioncam Iomlán | **274.1** | **270.8** | 3.3 |




CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35

SIAR AR AGHAIDH



# Ceiliúradh ar George Boole

## príomhsmaointeoir neamhspleách COC

Sa bhliain 2014/15 rinneadh ceiliúradh ar shaol, ar shaothar agus ar oidhreacht George Boole (1815–1849), ceannródaí na haoise digití agus an chéad ollamh le matamaitic in Queen's College, Cork (mar a thugtaí ar COC an uair sin). Tharraing clár mór imeachtaí aird áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda ar George Boole agus ar a mhéad a chuaigh a chuid oibre i bhfeidhm ar réimsí na teicneolaíochta faisnéise.

Ba é an cuspóir a bhí leis an togra George Boole 200 ná ceiliúradh a dhéanamh ar 200 bliain ó bhreith George Boole. Tá Boole, an duine, ligthe i ndearúd ag an stair ach mar sin féin is dlúthchuid de mhatamaitic na linne seo é loighic Boole agus múintear ar fud an domhain é. Mhair Boole san aois chéanna le Charles Darwin, Michael Faraday agus Charles Babbage agus tá ról lárnach aige i stair na heolaíochta agus tá sé ar dhuine de na smaointeoirí neamhspleácha is tábhachtaí dá raibh in COC riamh.

Tá glúinte i ndiaidh a chéile de mhatamaiticeoirí, d'eolaithe ríomhaireachta agus d'innealtóirí ag baint úsáide as tuairimí Boole chun teicneolaíochtaí a fhorbairt, teicneolaíochtaí atá i gcroílár shaol na linne seo agus a théann i bhfeidhm ar an obair a dhéanaimid, ar chúrsaí gnó, ar an gcumarsáid a dhéanaimid agus ar ár gcaithimh aimsire.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5

FORBAIRTÍ ACADÚLA 10

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22


IDIRNÁISIÚNÚ 28


FORBAIRT CHAIPITIL 30


CORK UNIVERSITY PRESS 33


AIRGEADAS 34

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35



CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5

FORBAIRTÍ ACADÚLA 10

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22


IDIRNÁISIÚNÚ 28

FORBAIRT CHAIPITIL 30

CORK UNIVERSITY PRESS 33

AIRGEADAS 34

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35



# Buaicphointí an Chláir George Boole 200

Reáchtáladh breis is 40 togra agus imeacht eile faoi Chlár George Boole 200 (GB200), ina measc bhí: deich n-imeacht idirnáisiúnta, cúig chomhdháil acadúla, trí mhórthaispeántas agus breis is 30 léacht phoiblí agus imeacht áitiúil, mar aon le tionscnaimh eisteagmhála agus feachtais mhargaíochta digití.

Níorbh fhéidir Clár GB200 a sheachadadh gan diograis fhoireeann acadúil, riaracháin agus teicniúil COC, ar thug go leor díobh mórán ama agus saineolais ar fáil sa bhreis ar a ngnáthdhualgais, ina measc urraíocht a dhéanamh ar mhórthograí, i dteannta go leor daoine eile a thug tacaíocht d'imeachtaí i rith na bliana.

Seo a leanas cuid de na buaicphointí a thugann léargas ar imeachtaí an Chláir GB200.

## An scannán faisnéise ‘The Genius of George Boole’

Is é an t-aisteoir Jeremy Irons, ar gradamaí Oscar é, a rinne reacaireacht ar an scannán, agus is é an comhlacht scannánaíochta Oxford Film and Television Co. a léirigh an scannán faoi stiúir an léiritheora scannán ardghradamach an Tiarna David Puttnam. Scannán faisnéise uair an chloig atá in ‘The Genius of George Boole’ a thugann spléachadh ar shaol George Boole agus ar a thábhachtaí atá a chuid oibre. Déanann an scannán agallaimh le daoine atá ar thús cadhnaíochta i réimse na hacadúlachta agus i réimse an tionscail.

## George Boole Google Doodle

Bhí an Clár GB200 agus UCC i mbéal an pohobail dhomhanda Lá George Boole, an 2 Samhain 2015. Chruthaigh Google dúdal Google, a cuireadh le chéile chun comóradh a dhéanamh ar an dá chéad bliain a caitheadh ó rugadh George Boole, agus rinneadh breis is 25 milliún cuardach ar líne do George Boole agus amas ar shuíomh idirlín George Boole COC, arb ionann é sin agus díol bliana de thrácht in aon lá amháin. Bhí “George Boole” i mbéal an phobail agus ba é “George Boole” an t-ábhar ba mhó cuardach in 31 tír.

Bhí George Boole i mbéal phobal Twitter chomh maith agus chuathas i gcionn ar bhreis is 590 milliún duine agus baineadh aitheantas domhanda amach don bhaint atá ag COC le hoidhreacht George Boole. Phléigh breis is 320 scéal digiteach nuachta George Boole ar fud an domhain, idir an Áise agus Mheiriceá Thuaidh, ar bhain pobal féideartha léitheoireachta 1 bhilliún duine leo.

## UCC brings Boole2School

Reáchtáladh an tionscnamh eisteagmhála ‘UCC Brings Boole2School’ an 2 Samhain 2015 chun comóradh a dhéanamh ar an dá chéad bliain a caitheadh ó rugadh George Boole. Chuir an tionscnamh sin matamaitic Boole a úsáideann loighic, ina measc puzail agus na cluichí ríomhaire Minecraft agus Candy Crush, ar a súile do bhreis is 100,000 leanbh idir 8 agus 18 mbliana d'aois, in 52 tír ar fud an domhain.


CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |


SIAR AR AGHAIDH









## Comhdhálacha Eolaíochta Matamaiticiúla agus Ríomheolaíochta George Boole

Thionóil COC cúig chomhdháil idirnáisiúnta ar an eolaíocht ríomhaireachta, ar an matamaitic, ar an loighic agus ar an innealtóireacht leictreach. Ina measc bhí comhdhálacha ardghradaim, cuir i gcás an 31ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Ríomhchlárú Loighice (ICLP 2015), agus an 21ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Phrionsabail agus ar Chleachtas an Ríomhchlárúcháin Shriantaigh (CP 2015), agus foilsíodh imeachtaí na gcomhdhálacha sin. Mheall na comhdhálacha breis is 600 eolaí ceannródacha ó áiteanna ar fud an domhain.

## Lá Domhanda an Staidrimh, an 20 Deireadh Fómhair 2015 - Ómós na Náisiún Aontaithe do George Boole

I mí an Mheithimh 2015, rinne Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ceiliúradh ar shaothar George Boole ach ar ritheadh rún, a thionscain an Ungáir agus a chómholl Éire, lena gcuirfí tagairt d'oidhreacht mhatamaitice George Boole sa phrótacal a bhunaigh Lá Domhanda an Staidrimh an 20 Deireadh Fómhair 2015. Tugadh cuireadh d'Uachtarán COC, an Dr Michael Murphy, a bheith ina aoichainteoir an lá sin agus thug sé caint ar George Boole i gCeanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac.

## Ceiliúradh ar George Boole ag Féile Eolaíochta na Rúise Uile

Thug Ollscoil Stáit Mhoscó cuireadh d'Uachtarán COC, an Dr Michael Murphy, léacht Féile Eolaíochta na Rúise Uile i mí Dheireadh Fómhair 2015, imeacht a mbíonn breis is dhá mhilliún cuairteoir ann. Leag an léacht sin béim ar an mbaint atá ag COC le hiníon George Boole, Ethel Lillian Boole-Voynich, a scríobh "The Gadfly" ar téacsleabhar caighdeánach i scoileanna na Rúise é, rud a mheall an lucht éisteachta a thuilleadh i dtreo George Boole agus an bhaint atá aige le COC.

## "In Conversations on George Boole, the Legacy Interviews"

Is éard a bhí in "In Conversations on George Boole" ná sraith agallamh le 16 eolaí, matamaiticeoir, loighceoir agus innealtóir leictreach mór le rá a úsáideann ailgéabar Boole agus iad i mbun a gcuid oibre. Cruthaíonn na hagallaimh seo cuntas faoi leith ar oidhreacht George Boole i dtaca leis an nuamhatamaitic agus leis an nuatheicneolaíocht, agus beidh siad ar fáil ar fud an domhain mar áis teagaisc agus foghlama agus mar dheis chun aird a tharraingt ar an oidhreacht sin.

## MIT/UCC – an comhoibriú Déan Ríomha agus Cumarsáid

Déanann an comhoibriú Déan Ríomha agus Cumarsáid idir COC agus Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT) ar dhá chéad bhliain a bheith caite in 2015 ó rugadh George Boole agus ar chéad bliain a bheith caite in 2016 ó rugadh Claude Shannon, agus leagann sé béim ar an nasc idir an cion a rinne an bheirt acu don mhatamaitic, don eolaíocht ríomhaireachta agus don innealtóireacht.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5

FORBAIRTÍ ACADÚLA 10

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22

IDIRNÁISIÚNÚ 28

FORBAIRT CHAIPITIL 30

CORK UNIVERSITY PRESS 33


AIRGEADAS 34

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










Seoladh an comhthionscnamh Lá George Boole, nuair a thug an tOllamh Anant Agarwal (MIT, EdX) léacht tionscnaimh mar chuid den tsraith léachtaí i COC agus in MIT. I measc na n-imeachtaí in 2016 bhí Siompóisiam Boole – Shannon a tionóladh in MIT an 18 Márta 2016 agus sraith bhliana léachtaí in MIT ar an téama Déan Ríomha agus Cumarsáid, mar aon le malartú mac léinn idir MIT agus UCC.

### Athchóiriú 5 Plás Grenville mar 'Theach Smaointeachais Boole'

I gcomhpháirtíocht le Comhairle Chathair Chorcaí, chuir COC tús le hathchóiriú a dhéanamh ar theach Uimh. 5 i bPlás Grenville, arb é atá ann teacht Seoirseach ar an Meal Thuaidh i gCorcaigh, áit a raibh cónaí ar George Boole nuair a scríobh sé a mhórshaothar, "An Investigation into the Laws of Thought". Cuirfidh an suíomh oidhreachta athchóirithe ionad teagmhála le saol George Boole i COC agus leis a gcion a rinne sé don aois dhigiteach ar fáil. Tá sé i gceist ag COC in 2016 príomhsmaointeoirí agus daonchairde a thabhairt le chéile chun an coincheap do 'Theach Smaointeachais Boole' a fhorbairt agus a thabhairt chun slachta.

### Dealbh bhrád George Boole

Is éard atá i nDealbh bhrád Chuimhneacháin George Boole ná buanléiriú ealaíonta ar George Boole i gCearnóg iomráiteach champas COC ar aghaidh Leabharlann Boole amach. Déanann Dealbh bhrád George Boole comóradh ar dhá chéad bhliain a bheith caite ó rugadh George Boole agus tarraingíonn sé aird ar thábhacht George Boole agus a oidhreacht i stair agus i bhforbairt COC.

### An taispeántas Boolean Expressions: Art and Mathematical Data - Dánlann Lewis Glucksman

Rinne an taispeántas Boolean Expressions scrúdú ar théamaí a bhaineann le hoidhreacht George Boole agus rinneadh iniúchadh ar na slite ina n-úsáideann ealaíontóirí an mhatamaitic ina saothair. Tharraing an taispeántas, a d'oscail an Tiarna Puttnam i mí Iúil 2015, an pobal isteach sa dioscúrsa ar thionchar na matamaitice ar an ealaíon, agus léirigh sé an tslí a gcuireann COC stair na heolaíochta in oiriúint do shaol an lae inniu.

## Tograí Oidhreacht George Boole

Leanfaidh COC ar aghaidh ag déanamh ceiliúradh ar an mbaint atá aici le George Boole. Leanfar ar aghaidh ag ceiliúradh oidhreacht George Boole gach bliain de bhrí go ndéanfar searmanas bronnta céimeanna oinigh COC a reáchtáil an 2 Samhain, Lá Geoge Boole, gach bliain feasta.

Tá tuilleadh eolais ar thograí oidhreach George Boole 200 agus ar Boole House of Thought le fáil ar **georgeboole.com**

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35

SIAR AR AGHAIDH






# Forbairtí Acadúla

## Seimeastrú 2014/15

Tugadh isteach córas bunaithe ar sheimeastair do gach clár i COC i mí Eanáir 2013 tar éis bliain mhór a chaitheamh i mbun pleanála agus ullmhúcháin. Ar na hathruithe a bhaineann le seimeastrú tá, dáta tosaithe níos túisce i mí Mheán Fómhair, tréimhse fhoirmiúil scrúduithe roimh shos na Nollag agus athruithe nach beag ar an gcuraclam.

Thug an t-athrú chuig an gcóras nua dúshlán na mac léinn agus na mball foirne, araon, ach d'éirigh go maith leis de réir roinnt príomhtháscairí feidhmíochta (KPI) na hOllscoile. Tháinig feabhas ar líon na mac léinn a chuaigh ar aghaidh ón gcéad bhliain chuig an dara bliain agus a fhanann i COC agus tháinig laghdú ar líon na mac léinn a tharraing siar. Tríd is tríd, tá feidhmíocht na mac léinn sna scrúduithe ag teacht le feidhmíocht 2013/2014.

Leanfar ar aghaidh leis an monatóireacht ar impleachtaí an chórais atá bunaithe ar sheimeastair, agus déanfar roinnt mion-athruithe air sna blianta atá romhainn amach. Tá sé i gceist ag an ollscoil córais charntha creidmheasanna a fhorbairt, freisin, agus marcanna agus caighdeáin a shimpliú.






CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35











## Staidéar Céime

Ceapadh Lisa Brett ina hOifigeach um Thacaíocht agus Earcaíocht Iarchéime, an chéad oifigeach den sórt sin i COC. I rith 2014/15, stiúraigh Lisa togra go rathúil a bhain le hoptamú inneall cuardaigh (SEO), agus is samhail sárchleachtais é sin anois don ollscoil trí chéile, rud a d'fheabhsaigh go mór an láithreacht atá ag COC sna meáin shóisialta. Bunaíodh caifé d'iarchéimithe freisin d'fhonn an comhoibriú a spreagadh i measc mac léinn PhD.

Síníodh comhaontú le ceann de grandes écoles na Fraince, EFREI, a chuir bonn foirmiúil faoi shocrú lena bhféadfadh mic léinn mháistreachta EFREI tabhairt faoi chlár bliana COC in lieu an dara bliain dá gcuid staidéir iarchéime sa bhaile. Íocann na mic léinn sin táillí agus leanfaidh an Oifig um Staidéar Iarchéime ar aghaidh ag cothú caidrimh le grandes écoles sa Fhrainc chun líon na gcomhpháirtíochtaí den chineál sin a mhéadú don staidéar iarchéime i COC. Bunaíodh comhaontuithe PhD leis an Université du Littoral Côte D'Opale, University of Naples Federico II, agus Montpellier SupAgro.

## An Oifig Iontrála

Luaigh 6,648 mac léinn COC mar chéadrogha ar a bhfoirm iarratais CAO 2015, ar méadú 6% é sin ar CAO 2014 (athrú intinne san áireamh). Leanann COC air ag sárú treochtaí na hearnála maidir le laghdú ar líon na mac léinn a thugann faoin sruithléann agus faoi na healaíona agus leanann sé air ag mealladh mac léinn ardchumais ardteistiméireachta freisin.

Ar na himeachtaí a reáchtáil an Oifig Iontrála bhí dhá lá oscailte, a mheall breis is 14,000 ábhar mic léinn. Rinneadh athdhearadh ar an **Eolaire Fochéime.** Tugadh gníomhaíochtaí earcaíochta, cuir is gcás seisiúin ceisteanna agus freagraí, isteach sa timthriall earcaíochta.

Leanann an Oifig Iontrála uirthi ag leagan béime ar eispéireas mhic léinn na chéad bhliana agus de bharr gníomhaíochtaí sa réimse seo tá ráta coinneála na mac léinn méadaithe; ráta atá 3% níos airde ná an meánráta san earnáil.

Is féidir Eolaire Fochéime COC 2016 a fháil **anseo**


CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35











# Teagasc agus Foghlaim

## An tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) – Ionad Teagaisc agus Foghlama COC

Bunaíodh an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama (CIRTL) d'fhonn cuir chuige an Acadaimh Náisiúnta um Chomhtháthú an Teagaisc, an Taighde agus na Foghlama (NAIRTL) a chomhtháthú le cuir chuige Ionad Bairre, Ionad Teagaisc agus Foghlama COC.

Cuirfidh an t-ionad nua raon imeachtaí forbartha foirne ar fáil mar aon le tacaíocht do riachtanais ghairme na foirne ionas go mbeidh an t-eispéireas foghlama is fearr is féidir á fháil ag mic léinn. Is í an Dr Marian McCarthy Stiúrthóir an ionaid agus is í an Dr Catherine O'Mahony, a bhí ina bainisteoir ar NAIRTL roimhe sin, Bainisteoir an ionaid. Beidh Catherine ina coimeádaí ar chartlann NAIRTL agus forbróidh sí an acmhainn sin mar líonra idirnáisiúnta.

Sa bhliain 2014/15 d'éirigh Dr Bettie Higgs as a post mar léachtóir sinsearach le geolaíocht, mar chomhordaitheoir ar Ionad Bairre agus mar leas-uachtarán gníomhach um theagasc agus foghlaim. Ba mhór an cion oibre a rinne Bettie ó thaobh fhorbairt an ionaid de agus ó thaobh phróifíl an teagaisc agus na foghlama agus an taighde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Guímid gach rath uirthi ina ról reatha mar leas-uachtarán ar an gCuallacht Idirnáisiúnta um Scoláireacht an Teagaisc agus na Foghlama (ISSoTL) san Eoraip.

## Clár Creidiúnaithe i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas.

Cuireadh an Clár Iarchéime ar líne i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas - an chéad chlár atá ar fáil go huile is go hiomlán ar líne do bhaill foirne ollscoile de chuid Ollscoil na hÉireann - le chéile i rith na bliana acadúla 2014/15 agus tá sé ar fáil anois do bhaill foirne COC agus institiúidí eile tríú leibhéal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is féidir tuilleadh eolais ar an gclár a fháil ag: **www.ucc.ie/en/ckb02**

## Clár na Scoláirí Síneacha i COC

D'fháiltigh Clár CIRTL do Scoláirí ar Cuairt roimh 21 scoláire idirnáisiúnta a ghlac páirt i gcláir i rith na bliana acadúla mar aon le deichniúr scoláirí eile a d'fhreastail ar an gcéad scoil samhraidh.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









## Oideachas Aosach agus Leanúnach (ACE)

Sa bhliain 2014/15, chláraigh ACE breis is 400 mac léinn ar chláir pháirtaimseartha oideachais leanúnaigh (NFQ Leibhéal 7–Leibhéal 9) a bhí dírithe ar oibrithe gairmiúla agus a ndearna comhlachtaí gairme creidiúnú orthu, ina measc an Instituid um Shábháilteacht agus Sláinte Ghairme (IOSH), an Instituid Chairte um Pearsanra agus Forbairt (CIPD) agus Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (IITD).

Chláraigh breis is 100 mac léinn ó chomhlachtaí, ina measc Allianz Worldwide Care, DePuy Synthes, Janssen Pharmaceuticals, Pfizer Pharmaceuticals agus The Barry Group ar chláir pháirtaimseartha rannpháirtíochta fiontair (NFQ leibhéal 7/8), cláir a cuireadh ar fáil ar láthair na n-eagraíochtaí chun acmhainn tallainn gach eagraíochta a fheabhsú agus a fhorbairt.

Arís eile, stiúraigh ACE freagra na hollscoile ar scéim Springboard an HEA do chuardaitheoirí poist in 2014/15 agus d'éirigh leis maoiniú um €500,000 a aimsiú chun isteach is amach le 100 mac léinn a chlárú ar naoi gclár (NFQ leibhéal 7–leibhéal 9).

## An tOideachas Aosach agus Pobail

Chuir ACE lena thairiscintí oideachais aosaigh agus leanúnaigh le roinnt clár nua, in ionaid teagmhála nua agus le comhpháirtíochtaí le comhlachtaí pobail. Cuir i gcás, an Dioplóma i Léann an Uathachais a reáchtáladh i Leitir Ceanainn, i bPort Láirge, i Luimneach, i gCill Airne, i mBeanntraí agus i COC. I mí an Mhárta 2015, chuir ACE tús le Teastas nua i Meabhairshláinte sa Phobal i gcomhpháirtíocht le Meabhairshláinte Éireann. Sheol ACE Dioplóma i gCeannaireacht sa Phobal, freisin, arb é a bhí ann comhthionscnamh leis an Traveller Visibility Group agus le Community Action Network d'fhonn rannpháirtíocht níos fearr a chothú i measc mac léinn de bhunadh an Lucht Taistil, mic léinn a mbaineann leibhéal fíor-íseal rannpháirtíochta leo i láthair na huaire.

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |






Scoláirí Quercus 2014/15 ag Mórfhéasta Gradam Quercus an 26 Samhain 2014



Ionaid Chúrsaí ACE 2014/15

## Scoileanna Samhraidh agus Cúrsaí Gairide

Bhí an-rath arís eile i mbliana ar chlár na gcúrsaí gairide de chuid ACE; chláraigh 914 mac léinn le clár an Earraigh 2015 agus an Fhómhair/Gheimhridh 2015. Bhain topaicí, ábhar na gcúrsaí agus bail léachtóireachta le gach coláiste san ollscoil. Arís eile, bhí ACE ar an soláthróir ba mhó cúrsaí gairide ag an leibhéal seo ar fud na tíre. Chuaigh ACE i gcomhpháirtíocht i mbliana le Dánlann Glucksman, le cur le liosta na suíomh spreagúil neamhthraidisiúnta foghlama atá ag an ollscoil, ina measc Gailearaí Ealaíne Crawford, Amharclann Ealaíon Chorcaí, Leabharlanna na Cathrach agus Teach agus Gairdíní Fota.

## Láithreacht Náisiúnta ACE

Sa bhliain 2014/15, bhí 2,859 mac léinn cláraithe ar 190 clár páirtaimseartha ACE in ionaid ar fud na tíre.

## Clár Quercus na Mac Léinn Tréitheach 2014/15

Thacaigh an clár le 22 Scoláire Quercus, le 125 Scoláire Coláiste Quercus agus le 62 Scoláire Iontrála Quercus. Bhí Scoláirí Quercus i láthair ag raon imeachtaí COC, ina measc seoladh George Boole 200, Laethanta Oscailte COC agus Searmanas Saoránachta na Roinne Dlí agus Cirt.

Reáchtáladh Mórfhéasta Gradam Quercus i mí na Samhna 2014 san Aula Maxima, COC. Rinneadh tagairt nach beag do Quercus sna meáin chumarsáide i rith na bliana, de bhun éachtaí scoláirí aonair sna réimsí trí chéile. Cuireadh tús i mí Eanáir 2015 le Sraith Sé Léacht Quercus.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |


SIAR AR AGHAIDH





# Saol na Mac Léinn agus Eispéireas na Mac Léinn

## Oifig na dTionscnamh um Eispéireas na Mac Léinn

Príomh-mholadh a rinneadh san athbhreithniú ar Eispéireas na Mac léinn in 2014 ba ea go mbunófaí **Oifig na dTionscnamh um Eispéireas na Mac Léinn**, a osclaíodh i mí Feabhra 2015. Tacóidh an Oifig sin le haonaid a bhfuil baint acu le hEispéireas na Mac léinn ionas go gcothófar eispéireas den chéad scoth do mhic léinn. Sonraíodh roinnt tionscadal téamach agus tras-seirbhíse arb é is cuspóir leo for-thorthaí a fheabhsú do mhic leinn i raon réimsí, ina measc: eispéireas na mac léinn a chur in iúl; saineolas na foirne a fhorbairt; forbairt phearsanta agus ghairme na mac léinn a fheabhsú; agus eispéireas na mac léinn a fheabhsú ó thaobh na teicneolaíochta de.

## Lárionad na Mac Léinn

Tá tionscnamh mór á stiúradh ag an Oifig um Eispéireas na Mac Léinn féachaint le Lárionad Mac Léinn a thógáil ar an gcampas i bhfoirgneamh Windle atá folamh faoi láthair. Beidh cúig 'limistéar' a mbeidh nasc eatarthu sa Lárionad sin: An Limistéar Fáilte, An Limistéar Foghlama agus Teagaisc, An tIonad Rathúlachta Mac Léinn, an Limistéar Infhostaitheachta agus Limistéar Shaol na Mac Léinn. Tá foireann an tionscadail ag obair go dlúth faoi láthair leis na hailtirí O'Donnell + Tuomey ar na pleananna, a bheifear a chur isteach le haghaidh cead pleanála in 2015/16.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |


SIAR AR AGHAIDH









# Cur le For-rochtain agus le hAistriú chuig an Ollscoil

## An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (DSS)

In 2014/15, chláraigh 1,102 mac léinn leis an DSS, ar méadú 7% é sin ar fhigiúr 2013/14. Thosaigh 257 mac léinn atá faoi mhíchumas ag déanamh staidéir den chéad uair san Ollscoil i rith na bliana, líon a sháraigh an sprioc 5% a leagadh amach i bPlean Straitéiseach Rochtana COC. Ba é 79 duine líon iomlán na mac léinn DARE ar phointí laghdaithe don bhliain 2014/15.

Chuir an DSS clár iomlánaíoch le chéile a thacóidh le foghlaim, le folláine, le dul chun cinn acadúil agus le hinfhostaitheacht na mac léinn sin atá cláraithe leis an tseirbhís. Tá oiliúint i dtaca le teicneolaíochtaí cúnta ríthábhachtach maidir le forbairt agus rath gach úsáideora seirbhíse.

Is mór an ag tseirbhís an tacaíocht a fhaightear ó Oifig na Fondúireachta i dtaca le maoiniú leanúnach a fháil d'fhorbairt na tacaíochta do mhic léinn atá faoi mhíchumas.

## Oifig na Mac Léinn Lánfhásta

Chláraigh 358 mac léinn lánfhásta fochéime lánaimseartha, rud a d'fhág go raibh 1,130 mac léinn lánfhásta cláraithe leis an ollscoil in 2014/15.

Bhain 90% de chéimithe lánfhásta na bliana 2014/15 céimeanna onóracha amach, agus bhain 32% díobh céad onóracha amach.

## Clár UCC PLUS+

B'ionann an iontráil in 2014/15 faoin mBealach Rochtana Ard-Oideachais agus 219 mac léinn. B'ionann é sin agus 6% d'iontráil iomlán na mac léinn i COC.

Tugadh tacaíocht iariontrála do 674 mac léinn, arbh fhiú breis is €550,000 í. Ó thacaíocht dhaonchairdiúil a fhaightear maoiniú do na sparánachtaí sin, tacaíocht a aimsíonn an Oifig Forbartha, Ciste Cúnaimh na Mac Léinn agus Ciste Iontaobhais Uí Ónáin.

Bhain 962 mac léinn leas as Maoiniú Cúnaimh do Mhic Léinn (SAF); bhain 702 díobh sin leis an bpobal i gcoitinne agus ba mic léinn UCC PLUS+ iad 260 díobh. Tháinig laghdú ar an meán-íocaíocht amach le blianta beaga anuas de réir mar a tháinig laghdú ar leithroinnt náisiúnta airgead SAF ón Údarás um Ardoideachas. Suimeanna sách beag a bhíonn i gceist, idir €200 agus €800.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









# Éascaíocht a dhéanamh don Rannpháirtíocht i Saol na Mac Léinn

## Seirbhís Lóistín COC

Le 12 mhí anuas tá athrú tagtha ar an soláthar seirbhísí lóistín i COC toisc go mbíonn laghdú de shíor ag teacht ar an lóistín a bhíonn ar fáil do mhic léinn agus toisc atheagar a bheith á chur ar obair na seirbhíse. Seirbhís aisti féin atá anois ann, nuair ba chuid den Oifig Lóistín, Cumann agus Comhdhála í roimhe seo.

Ceapadh oifigeach tionscadal i mí Feabhra 2015 agus rinneadh anailís agus athrú ó bhonn ar gach gné den tseirbhís. Ar na moltaí a rinneadh bhí: go gceannófaí ardán gréasánbhunaithe Studentpad; go ndéanfaí socrúchán níos mó agus níos spriocdhírithe do mhic léinn idirnáisiúnta; agus go dtabharfaí isteach plean gnímh follasach a d'aithin an ganntanas leanúnach lóistín.

Ach ar ceannaíodh 417 leaba i Muileann Victoria, fágadh go raibh 1,230 leaba (Muileann Victoria 417; Victoria Lodge 335; Árasán Castlewhite 298 agus University Hall 180) i seilbh na hollscoile.

## Spórt agus Gníomhaíocht Choirp

Thosaigh Alan Quirke, iar-bháireoir peile idirchontae le Corcaigh, i mbun oibre mar oifigeach spóirt i mí Eanáir 2015.

Bhí 60 club spóirt i mbun gníomhaíochtaí ar an gcampas sa bhliain acadúil, agus iad ag cur imeachtaí spóirt agus gníomhaíochta coirp ar gach leibhéal ar fáil do mhic léinn.

Tá an obair ar phleananna dearaidh don 'Feirm Nua' ag dul ar aghaidh, rud a fheabhsóidh áiseanna spóirt COC sa Churraichín i mBaile an Easpaig, agus reáchtáltar cruinnithe go rialta idir an Roinn Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp, Oifig na bhFoirgintí agus na nEastát agus údaráis chuí.

D'fhorbair an roinn aip a d'fhéadfadh an pobal, mic léinn, baill foirne agus clubanna a úsáid chun gníomhaíochtaí spóirt a chothú i COC. Is féidir an aip a íoslódáil do iOS nó Android ar **sport.ucc.ie/download-our-app/**

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5

FORBAIRTÍ ACADÚLA 10

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22

IDIRNÁISIÚNÚ 28

FORBAIRT CHAIPITIL 30

CORK UNIVERSITY PRESS 33

AIRGEADAS 34

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35


SIAR AR AGHAIDH 







Tugadh isteach Scoláireachtaí Spóirt Quercus in ionad na Scoláireachtaí Iontrála Spóirt do Lúthchleasaithe Ardchumais (HPAE). Mar sin féin, tá na daoine sin ar ar bronnadh HPAE in 2013/14 ag fáil scoláireachta i gcónaí fad is atá siad i mbun staidéir agus go bhfeidhmíonn siad ag leibhéal ard ina spórt féin. Bronnadh Scoláireacht Spóirt Quercus ar sheachtar mac léinn ó shé spórt sa bhliain 2014/15.

D'éirigh go hiontach le clubanna spóirt COC i rith na bliana. Bhí bliain den scoth ag Club Sacair COC go háirithe sna trí chomórtas idir-ollscoile a raibh siad ag glacadh páirte iontu. Go deimhin féin, bhuaigh siad Corn Collingwood, Corn Crowley agus Corn Harding. Anuas air sin, bhain an fhoireann sinsir cluiche ceathrú ceannais Chorn Spóirt EA amach. Ba ar éigin a fuair curaithe reatha Shraith na hÉireann, Dún Dealgan, an ceann is fearr orthu. Bhí siad san iomaíocht do Chorn Idirmheánach FAI, leis.

## Cluichí Domhanda na Mac Léinn

Bhí Ciara O'Connell, scoláire spóirt Quercus, san iomaíocht thar ceann COC agus na hÉireann i gcomórtas sacair na mban ag Cluichí Domhanda na Mac Léinn sa Chóiré i mí Iúil 2015.

## Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta

Ghlac Colm Monahan (sacar), Seán Coleman (snámh) agus Aoife O'Sullivan (gleacaíocht) páirt thar ceann na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Los Angeles. Bhí Colm ar fhoireann sacair na hÉireann. Bhuaigh Seán bonn airgid sa chomórtas snámh droma 25m. Bhuaigh Aoife trí bhonn - bonn óir agus dá bhonn cré-umha - sa ghleacaíocht.

## Na Gradaim Bhliantúla Spóirt

| | |
|---|---|
| **Adrian O'Sullivan** | Cispheil |
| **Katrina Mackey** | Camógaíocht |
| **Paul Geaney** | Peil Ghaelach |
| **Roisin Phelan** | Peil Ghaelach na mBan |
| **Jean O'Driscoll** | Galf |
| **Paul Kiernan** | Rugbaí |
| **Alison Miller** | Rugbaí na nBan |
| **Sean O'Mahony** | Sacar |
| **Jason Abbott** | Sacar |
| **Chris Mintern** | Trí-atlan |

Gradam Gaisce Kieran Dowd: **Liam Corbett**, Club Sacair COC

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35







Bronnadh na gradaim seo a leanas ag Mórfhleadh Bhliantúil na gClub agus na gCumann:

| | |
|---|---|
| CLUB NA BLIANA | **Seoltóireacht** |
| CLUB BA MHÓ FEABHAS NA BLIANA: | **Júdó** |
| FOIREANN NA BLIANA: | **Sacar Sinsir** |
| CLUB-BHALL NA BLIANA: | **Niamh O'Mahony – Rámhaíocht** |
| MAC LÉINN CÉAD BHLIANA NA BLIANA: | **Lauren Mealy – Haca na mBan** |
| SUÍOMH IDIRLÍN NA BLIANA: | **Cruicéad** |
| IMEACHT IOMAÍOCHTA NA BLIANA: | **Comórtas Eachaíochta Idir-ollscoile** |
| IMEACHT NEAMH-IOMAÍOCHTA NA BLIANA: | **UCC Goes Dancing** |
| *BENE MERENTI:* | **Niamh O'Mahony – Rámhaíocht<br>Alison Murphy – Rince<br>Annie Walsh – Sacar na mban<br>Emma Geary – Seoltóireacht<br>Finbarr Nyhan – Peil<br>Kayrin Ong – Leadóg bhoird<br>Niamh O'Neill – Haca na mban** |

## Amharclann na Gráinsí

Chomhlíeirigh Amharclann na Gráinsí breis is 50 imeacht poiblí in 2014/15. D'fhreastail breis is 5,000 mac léinn, ball foirne agus ball an phobail i gcoitinne ar léiriúcháin san amharclann. Ghlac breis is 300 mac léinn páirt i ngníomhaíochtaí agus iad ina n-oirfidigh, ina léiritheoirí, ina scríbhneoirí agus i réimsí an léiriúcháin agus na teicniúlachta agus in oifig na dticéad. Reáchtáil Amharclann na Gráinsí Féile do Léiritheoirí Nua i mí Mheán Fómhair, agus tacaíodh le ceathrar léiritheoirí nua stáitse chun a gcéad léiriúchán gairmiúil a dhéanamh agus earcaíodh 10 dtaibheoirí ar mhic léinn iad mar chuid de Chlár Saothar COC faoin 'Performance Initiative' nua.

## Cumainn na Mac Léinn

Bhí dualgais choiste ag 1,085 mac léinn as measc na gcumann a bhí faoi stiúir na mac léinn. Reáchtáil cumainn a bhí faoi stiúir na mac léinn 45 imeacht ar an meán in aghaidh na seachtaine, rud a chuir le bríomhaireacht agus le beocht an champais.

In 2014/15 bailíodh breis is €170,000 do charthanachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Lean Cumainn COC ar aghaidh lena gcuid oibre le cláir for-rochtana d'fhonn cur le heispéireas an mhórphobail trí rannpháirtíocht i gcláir, ina measc: meantóireacht scoile, clubanna oibre baile, litearthacht an Lucht Siúil, díospóireacht scoile, agus ranganna ealaíne do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil. Tá cumainn COC meáite ar eispéireas gach mic léinn i COC a fheabhsú.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |


SIAR AR AGHAIDH











# Tacú le Sláinte agus le Folláine na Mac Léinn

## Ollscoil um Chothú Sláinte

Bhain COC aitheantas oifigiúil amach ón HSE mar Ollscoil um Chothú Sláinte, an chéad ollscoil in Éirinn ar bronnadh an gradam sin uirthi, i mí Feabhra 2015. Tugann an gradam sin aitheantas d'éacht COC maidir lena thiomanta atá sé do shláinte agus d'fholláine na mac léinn agus na mball foirne agus is toradh é ar thogra ceithre bliana a bhí ar siúl ag foireann Health Matters na hollscoile.

## Sláinte na Mac Léinn

Tugadh coinne do bhreis is 23,000 duine i Roinn Sláinte na Mac Léinn 2014/15. I measc na seirbhísí a cuireadh ar fáil, bhí: sláinte agus frithghiniúint ban, seirbhísí meabhairshláinte agus síciatrachta comhairlí, vacsaíniú taistil, scagthástáil sláinte a bhain le cúrsaí léinn agus seirbhís nua cóireála do ghortuithe spóirt. Síníodh an Chairt Idirnáisiúnta nua d'Ollscoileanna um Chothú Sláinte thar ceann COC ag searmanas a reáchtáladh in Kelowna, in British Columbia i mí an Mheithimh 2015.

## Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn

Bhain 1,200 mac léinn leas as an tseirbhís comhairleoireachta aonair. Rinneadh suirbhé orthusan a d'fhreastail ar an gcomhairleoireacht agus fuarthas amach gur mheas 88% duine díobh go raibh an chomhairleoireacht éifeachtach/an-éifeachtach agus thuairisc 81% de na mic léinn a raibh rún acu éirí as an ollscoil go raibh an chomhairleoireacht tábhachtach/an-tábhachtach don gcinneadh a rinneadh siad fanacht i COC. D'fhreastail 180 ball foirne ar cheardlanna a reáchtáil an tseirbhís.

## An tSéiplíneacht

Chuir an tséiplíneacht tacaíocht thréadach agus spioradálta ar fáil do mhic léinn, do bhaill foirne, do alumni agus do bhaill foirne atá ar scor. Tá an tseirbhís lonnaithe i dTeach Iona, ar Bhóthar an Choláiste, agus cuirtear fáilte fhial ann roimh chách. Chuir an tséiplíneacht go leor seirbhísí ar fáil agus go leor imeachtaí ar siúl i rith na bliana.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |


SIAR AR AGHAIDH





# Tacú leis an Aistriú chuig Saol na hOibre agus chuig Staidéar Breise

## Forbairt agus Infhostaitheacht na Mac Léinn

Ceapadh Paul Moriarty ina Stiúrthóir ar Fhorbairt agus Infhostaitheacht na Mac Léinn (SD&E) i mí Lúnasa 2015.

Is iad príomhthorthaí an tsuirbhé in 2014 ar cheann scríbe chéimithe COC:

- bhí 92% de chéimithe uile COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí 94% de chéimithe bunchéime COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí 89% de chéimithe iarchéime agus ard-dioplóma COC i mbun fostaíochta nó staidéir bhreise;
- bhí 95% de na céimithe uile i mbun fostaíochta in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe.

Thit líon na bhfochéimithe a bhí ar thóir fostaíochta faoi bhun 5%, an líon ab ísle ó 2007 i leith. Thit líon na n-iarchéimithe a bhí ar thóir fostaíochta go 9% - an líon ab ísle riamh.





CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










# Taighde agus Nuálacht

Is ollscoil í COC atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus a bhfuil fócas domhanda aici agus aitheantas idirnáisiúnta aici dá taighde i réimsí na heolaíochta, an bhia, na hinnealtóireachta, an leighis, an dlí, an ghnó, na n-eolaíochtaí sóisialta agus an tsruithléinn. Tá COC i measc an 2% is airde cáil d'ollscoileanna ar fud an domhain de bhun a haschuir thaighde agus na dtáscairí piarmheasa.

Ach a bhféachtar ar 2014/15, tá cuma mhaith i gcónaí ar phríomhtháscairí na feidhmíochta taighde. Tá COC fós ar cheann de na hollscoileanna is fearr maoiniú in Éirinn, agus infheistíocht R&D ag sárú €90m, arb ionann é sin agus méadú 15% (€11.5m) le cúig bliana anuas in ainneoin cúinsí dúshlánacha eacnamaíochta (Fíor 1).

Gineadh €26.4 milliún (29%) den ioncam taighde in 2014/15 ó fhoinsí eile seachas an StáTchiste, rud a léiríonn an brú atá ar mhaoiniú an rialtais. Is ionann é sin agus méadú 48% ar an tréimhse chúig bliana roimhe sin, agus ba é ba mhó ba chúis leis sin méadú 78% ar an maoiniú ó chláir an AE (go €14.8 milliún) agus méadú 22% ar an maoiniú ó fhoinsí tionscail (go €6.2 milliún) (Fíoracha 2 & 3). Tháinig méadú suntasach ar ioncam ó dhamhachtainí nua ó fhóinsí seachas an Státchiste in 2014/15 (Fíoracha 2 & 3).




**Fíor 1:** Ioncam Iomlán Taighde (Caiteachas): Próifíl 5 bliana (€/milliún)


CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35


SIAR AR AGHAIDH








**Fíor 2:** Ioncam Taighde Tionscail: Ioncam & Caiteachas Dámhachtainí Nua (€)




**Fíor 3:** Ioncam Taighde ón AE: Ioncam & Caiteachas Dámhachtainí Nua (€)



## Aschuir Thaighde


Ach a ndéantar anailís ar cheann de na príomh-aschuir thaighde, is é sin foilseacháin taighde phiarmheasta, feictear fás suntasach le 10 mbliana anuas. Maidir le líon na bhfoilseachán, líon na luanna sna foilseacháin sin, agus meánlíon na luanna in aghaidh an fhoilseacháin - tomhas caighdeánach ar an tionchar leabharmhéadrach - léiríonn siad go léir treochtaí fáis le blianta beaga anuas (Fíoracha 4(a)-(c)). Tá an fás dearfach sin ag teacht go mór leis an infheistíocht shuntasach i ngníomhaíocht taighde COC sa tréimhse chéanna.


CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN | 1 |
| SPLÉACHADH AR COC | 2 |
| FORLÉARGAS AIRGEADAIS | 4 |
| CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE | 5 |
| FORBAIRTÍ ACADÚLA | 10 |
| TEAGASC AGUS FOGHLAIM | 12 |
| SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN | 15 |
| TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT | 22 |
| IDIRNÁISIÚNÚ | 28 |
| FORBAIRT CHAIPITIL | 30 |
| CORK UNIVERSITY PRESS | 33 |
| AIRGEADAS | 34 |
| BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 | 35 |





**Fíor 4:** Anailís ar Fhoilseachán (eatraimh charnacha 5 bliana):

**A. Líon na nAlt**

**B. Líon na Luanna**

**C. Méanlíon luanna in aghaidh an ailt**

Foinse: Thomson Reuters Essential Science Indicators (ESI): Eatraimh charnacha 5 bliana
*Amhail Meán Fómhair 2015





Léiríonn anailís bhreise ar thionchar aschuir foilseacháin taighde COC, arna meas le roinnt bealaí difriúla rangaithe ollscoile, an téama céanna – méadú suntasach ar thionchar fhoilseacháin COC arna dtomhas de réir a mhinice a luaitear iad (i.e. líon na n-uaireanta a luann taighdeoirí eile sa réime an foilseachán).


Cuir i gcás, sa CWTS Leiden Ranking Exercise (2015), a foilsíodh le déanaí agus a rangaíonn 750 ollscoil ar fud an domhain de réir an 1% foilseachán is airde a luaitear, sonraíodh COC ar cheann de phríomh-ollscoileanna an domhain ó thaobh taighde de. Bhí COC ar bharr an rangaithe in Éirinn, agus tá sé anois sa 16ú háit san Eoraip agus sa 52ú háit ar domhan.


CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35

SIAR AR AGHAIDH



Tá an toradh iontach sin ag teacht le feidhmíocht COC i ranguithe eile ollscoileanna le déanaí:

- Sa U-Multirank Exercise (2015), a rinne suirbhéireacht ar 1,200 foras ardoideachais in 83 tír, ba é COC an ollscoil ab fhearr feidhmíocht go hidirnáisiúnta, bunaithe ar an líon ba mhó scóranna 'A' a bhaint amach – 21 as 28.
- I Ranguithe Ollscoileanna Domhanda QS de réir Ábhar (2015), bhí COC sa tsraith dhomhanda ab uachtaraí do 13 ábhar, agus bhí Cógasaíocht & Cógaiseolaíocht i measc an 50 ab fearr ar domhan.
- Sa The Sunday Times Good University Guide 2015, bhí COC sa chéad áit maidir le 'Ioncam Taighde in aghaidh Acadóra' don 5ú bliain as a chéile (Tábla 1). Thuairisc an treoir, leis, gur tháinig méadú 43% ar líon na ndámhachtainí taighde a ghnóthaigh COC, rud a d'fhág ag na leibhéil a bhí ag an ollscoil sular tháinig meath ar an ngeilleagar.

**Tábla 1:** Ioncam Taighde/Anailís FTE (2014/15)

| HEI | Ioncam Taighde/ FTE Acadúil (€) |
|---|---|
| COC | 121,736 |
| TCD | 114,328 |
| DCU | 101,838 |
| UCD | 96,826 |
| OÉG | 89,665 |
| UL | 82,263 |
| NUIM | 76,548 |

Foinse: Sunday Times Good University Guide 2016 (4 Deireadh Fómhair 2015)

Ag féachaint dúinn san am atá romhainn amach, tá taighdeoirí COC ag comhoibriú le breis is 700 de na hollscoileanna is fearr ar domhan i mbreis is 120 tír agus tá deis mhaith ag COC leas a bhaint as na comhoibrithe sin chun go n-éireoidh leis i gcláir státchiste agus neamh-státchiste san am atá romhainn amach.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1

SPLÉACHADH AR COC 2

FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4

CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5

FORBAIRTÍ ACADÚLA 10

TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12

SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15

TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22

IDIRNÁISIÚNÚ 28

FORBAIRT CHAIPITIL 30

CORK UNIVERSITY PRESS 33

AIRGEADAS 34

BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










## Horizon 2020

Is é is Horizon 2020 ann, creatchlár reatha an AE don taighde agus don nuálaíocht. Seoladh é i mí na Nollag 2013, agus is deis iontach é an clár €80 billiún seo do COC i ngach disciplín taighde. Ar leibhéal náisiúnta, tá sprioc uaillmhianach íostarraingthe airgid de €1.25 billiún leagtha síos ag an Rialtas.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus a chinntiú go mbeadh ar chumas COC an leas is mó is féidir a bhaint astu, chuir Seirbhísí Tacaíochta COC Plean Gnímh Horizon 2020 le chéile a leagann síos straitéis a chothóidh agus a fheabhsóidh tacaí reatha taighde agus a dhéanfaidh tacaí spriocdhírithe nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus é mar aidhm acu buntáiste nach beag iomaíochta a thabhairt dár gcuid taighdeoirí in Horizon 2020.

Amhail mhí Mheán Fómhair 2015, ghnóthaigh taighdeoirí COC 48 dámhachtain Horizon 2020 (13 cinn díobh mar chomhordaitheoir agus 35 cinn díobh mar pháirtnéir) as na 368 iarratas san iomlán a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Is ionann na dámhachtainí a gnóthaíodh go dtí seo agus 21% de sprioc institiúideach COC don chlár Horizon 2020 — €110.3m thar sheacht mbliana an chláir.

Tá COC sa dara háit in Éirinn maidir le líon na rannpháirtíochtaí rathúla agus íostarraingtaí airgid, beagán beag taobh thiar de OÉG sa dá chás. I gcomhthéacs níos leithe an AE, den chéad uair riamh, tá ceithre ollscoil Éireannacha, COC ina measc, rangaithe i measc an 50 foras is fearr feidhmíocht maidir le híostarraingt airgid ó chláir Horizon 2020.

## Nuálaíocht

Sa bhliain 2014/15, lean COC ar aghaidh le gníomhaíocht láidir nuálaíochta agus aistrithe eolais ar fud na hollscoile. Tá COC meáite ar oibriú le lucht tionscail mar pháirtnéir tábhachtach agus mar rannpháirtí mar chuid den chion taighde tríd is tríd. I mbliana, bhunaigh COC 120 togra nua taighde arna maoiniú go hiomlán nó i bpáirt ag lucht tionscail ar scálaí difriúla idir Dearbháin Nuálaíochta €5,000 i gcomhar le fiontair áitiúla agus chláir chomhoibritheacha ilbhliantúla ilmhilliún le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is ionann luach iomlán na ranníocaíochtaí tionscail a bhaineann leis na tograí sin agus breis is €20 milliún. De thoradh an fhócais sin ar an gcomhpháirtíocht tionscail cothaítear leibhéal ard aistrithe teicneolaíochta le lucht tionscail, le 20 comhaontú idir COC agus lucht tionscail a chuirfidh buntáiste ár maoine intleachtúla ar fáil do na gnólachtaí sin.

Tá cuntas teiste ag COC maidir le mac-chomhlachtaí a bhunú a bhainfidh leas as acmhainn airgid mhaoin intleachtúil agus shaineolas na hollscoile. Le cúig bliana anuas, bunaíodh deich gcomhlacht a bhaineann go sonrach le teicneolaíochtaí COC. Bhunaíomar trí chomhlacht eile i mbliana: Respiro R&D Limited, a d'eascair as teicneolaíocht a forbraíodh i Scoil an Leighis; Exceedence Limited, atá ag déanamh tráchtálú ar bhogearraí atá bunaithe ar shaothar an Ionaid Taighde Hiodrálaice agus Muirí; agus BARDS Acoustic Science Labs Limited, atáthar a bhunú bunaithe ar theicneolaíocht ó Roinn na Ceimice.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









## IGNITE

Is é is IGNITE ann ná clár 9 mí a thugann tacaíocht do chéimithe nua ó institiúid tríú leibhéal ar bith in Éirinn chun gnólacht inbhuanaithe inscálaithe a bhunú as smaoineamh nuálaíoch táirge nó seirbhíse. Cuimsíonn an clár seo ceardlanna, seimineáir agus aoichainteoirí, agus tacaíocht ó mheantóirí agus ó theagmhálacha tionscail, mar aon le spás oifige agus síolmhaoiniú luath, a chuirtear in oiriúint do riachtanais shonracha gach gnólachta nua-thionscanta.

Go dtí seo, thacaigh an clár le 50 gnólachtaí nua-thionscanta agus le 70 bunaitheoir. Is cliaint de chuid Fiontraíocht Éireann iad 11 cheann de na gnólachtaí nua-thionscanta sin anois agus d'éirigh le go leor acu infheistíocht phríobháideach a aimsiú, ina measc Anabio Technologies Ltd, Vconnecta Ltd agus PunditArena. Is mó an fhostaíocht iomlán ar fud na ngnólachtaí nua-thionscanta anois ná 100 duine agus tá an figiúr sin ag méadú leis.

Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, na hOifigí Fiontair áitiúla de chuid Chathair agus Chontae Chorcaí, Banc na hÉireann agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh maoiniú ar an gclár.

## GATEWAY UCC

Is é GATEWAY UCC gorlann ghnó eiseamlárach 21 aonad COC. Tacaíonn sé leis an bhfiontraíocht sa réigiún agus cuireann sé clár cuimsitheach tacaíochta gnó agus teacht ar shaineolas taighde COC ar fáil d'fhiontraithe agus do chomhlachtaí nua-thionscanta eolasbhunaithe.

Cuireann GATEWAY UCC timpeallacht agus éiceachóras ar fáil a thacóidh le fiontraithe agus le taighdeoirí chun gnólachtaí a thionscnamh nó a mheadú ionas go mbeadh Gnólachtaí nua-thionscanta ard-acmhainneacha acu a bheadh inbhuanaithe ó thaobh na tráchtála de agus a bheadh dírithe ar easpórtálacha. Meastar gub é an sochar a bhainfidh an réigiún as an bhfostaíocht sin um €13m i dtuarastail agus um €4m in ioncam cánach in aghaidh na bliana don gheilleagar.

Thacaigh sé le 30 comhlacht nua-thionscanta agus iad ag tosú amach, ina measc mac-chomhlachtaí a úsáideanna IP a ghintear in ionaid taighde a bhfuil cáil dhomhanda orthu, cuir i gcás NFANT, APC agus Tyndall. Chruthaigh na comhlachtaí sin 180 post.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










# Idirnáisiúnú

Tá an t-idirnáisiúnú ag dul ó neart go neart, faoi threoir *Phlean Straitéiseach COC 2013–2017*. B'ionann líon na mac léinn idirnáisiúnta a bhí cláraithe sa bhliain acadúil 2014/15 agus 15.4%, agus sinn ag dréim le 17% a bhaint amach faoi dheireadh 2017. In ainneoin méadú suntasach ar tháillí teagaisc do mhic léinn nach ón AE iad, fuar COC breis is 3,000 iarratas (gach catagóir) ó bhreis is 90 tír.

Seo a leanas mionsonraí na mac léinn nárbh ón AE iad don bhliain 2014/15: 169 mac léinn fochéime, 181 mac léinn iarchéime, 781 mac léinn ar cuairt, 733 mac léinn Erasmus+ ar cuairt chun an AE.

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta (IO) straitéis trí ghéag i bhfeidhm chun uaillmhianta domhanda COC a mhéadú:

- Cur leis an láithreacht i mórmhargaí reatha (Meiriceá, an tSín, an India, an Bhrasaíl agus an Mhalaeisia)
- Margaí nua a chothú (an Araib Shádach, Vítneam, an Téalainn agus an Nigéir)
- Eolas ar fud an domhain ar bhranda COC a mhéadú agus iarratais ó mhargaí beaga a spreagadh.

Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an Oifig Idirnáisiúnta maidir le hionad aontaithe agus struchtúr aonair a chruthú a dhéanann éascaíocht d'fhorbairt an mhargaidh, d'earcaíocht, d'iarratais, do chlárú mac léinn, do laethanta eolais do mhic léinn na chéad bliana agus do thacaíocht do mhic léinn nach ón AE iad.

Tá oifigí saothair allamuigh i Nua-Eabhrac, in Shanghai agus sa Deilí Nua ag obair leo agus tá torthaí na hoibre sin le feiceáil go follasach. Tá Meithleacha Réigiúnacha ag obair leo i gcónaí agus iad ag tacú le forbairt mórmhargaí. Ghlac COC páirt freisin in aontaí earcaíochta san India, sa tSín, i Meiriceá, san Araib Shádach, in Óman, sa Téalainn, i Vítneam, sna hOileáin Filipíneacha agus sa Bhrasaíl.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35








Chuir an Oifig Idirnáisiúnta le Bainistíocht Caidrimh na hOllscoile (URM) a fhorbairt. Tá sé i gceist an bogearra a chur i ngníomh i bhFómhar na bliana 2015. Táthar ag dréim leis go ndéanfaidh an córas comhtháthú breise ar an bpróiseas earcaíochta-iarratais-iontrála. Ina theannta sin, cuireadh córas nua cláraithe modúl le chéile do mhic léinn Erasmus+ ar cuairt nach ón AE iad, agus bhí baint nach beag an foireann iontrála na hOifige Idirnáisiúnta leis.

Anuas ar an earcaíocht idirnáisiúnta, leanann an Oifig Idirnáisiúnta uirthi ag sonrú agus ag forbairt comhpháirtíochtaí nua institiúideacha le hollscoileanna ardrangathe, agus ag mealladh rialtas eachtrannach chun páirt a ghlacadh i scéimeanna oiliúna agus maoiniúcháin.

I measc éachtaí na bliana seo, bhí:

- Rannpháirtíocht fhoirmiúil i gclár scoláireachtaí VIED Vítneam
- Rannpháirtíocht níos mó sa chlár Erasmus+ agus sna cláir a bhaineann leis
- Rannpháirtíocht níos mó leis an gclár Eolaíocht gan Teorainn sa Bhrasaíl
- Rannpháirtíocht (Meamram Tuisceana sínithe nó le síniú) le hollscoileanna ardrangaithe na Síne, is iad sin Ollscoil Teicneolaíochta, Ollscoil Zhejiang, agus Ollscoil Shanghai Jiao Tong
- Meamraim Thuisceana sínithe le: UMass Lowell (Meiriceá), Ollscoil Kentucky (Meiriceá), College of Charleston (Meiriceá), Ollscoil Kindai (an tSeapáin), Ollscoil Okayama (an tSeapáin), Ollscoil Teicneolaíochta Rí Mongkut (an Téalainn), UCSI (an Mhalaeisia), Ollscoil FTP (Vítneam), Ollscoil Yonsei (an Chóiré)
- Comhaontú i bprionsabal le hOllscoil Rí Saud (an Araib Shádach) chun conair chuig COC a bhunú do mhic léinn PG stát-urraithe.
- Athnuachan an Mheamraim Thuisceana le Coimisiún Ollscoileanna na Nigéire.

Tríd is tríd, bliain an athraithe agus bliain leagtha bonnsraitheanna ba ea 2014/15. Agus é faoi stiúir na hOifige Idirnáisiúnta tá straitéisí, struchtúir, baill foirne agus próisis ag COC a chuireann ar a chumas dul san iomaíocht i ngnéithe éagsúla den idirnáisiúnú institiúideach.

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









# Forbairt Chaipitil

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana 2014/15 le clár caipitil na hollscoile agus luach de bhreis is €150 milliún ag gabháil le tograí gníomhacha.

## Foirgneamh Beaufort

Buaicphointe mór na bliana ba ea gur tugadh chun críche Foirgneamh Beaufort i Rinn an Scidígh, ar fiú €11.5m é. Is ann a bheidh Áislann Tástála Náisiúnta Aigéin COC mar aon le hoiread agus 125 taighdeoir, ina measc an tIonad Taighde Hiodrálaice agus Muirí (HMRC),an tIonad Muirí Cósta agus Acmhainní (CMRC) agus an Mheitheal Taighde Fuinnimh Inbhuanaithe (SERG). Beidh an togra MarEi a mhaoiníonn SFI Ionnaithe i bhfoirgneamh Beaufort chomh maith. Cuid dhílis den Meitheal Taighde Muirí agus Fuinnimh na hÉireann (IMERC) is ea foirgneamh Beaufort, arb é atá ann comhoibriú campais idir COC, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Seirbhísí Cabhlaigh na hÉireann. Chuir an IDA an suíomh ar fáil ach a ndearnadh babhtáil talún le Calafort Chorcaí. Tugadh chun críche, leis, máistirphlean d'fhorbairt champas IMERC amach anseo ar thalamh atá gar do Beaufort agus cuireadh bonneagar i bhfeidhm chun tacú leis an bhforbairt. D'oscail an Taoiseach Foirgneamh Beaufort an 11 Iúil 2014.

## Foirgneamh an Gheatha Thiar

Tosaíodh ag tógáil na céime deiridh d'Fhoirgneamh an Gheatha Thiar, ar fiú €110m é, i rith 2014/15. Cuireadh tús leis an obair feistithe sa chéim dheiridh den urlár uachtarach ar an láithreán ag deireadh 2014 agus tabharfar chun críche ag tús 2016 é. Mar chuid den togra tá saotharlanna taighde eolaíochtaí bitheacha agus áiseanna gaolmhara a mhaoiníonn PRTL15. Tá cóiríocht oifige bhreise ar an gceathrú hurlár san áireach sa togra, freisin.

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35









## ASSERT

Cuireadh tús, leis i mbliana, le hobair thógála an togra ASSERT agus Áras Eolaíochta Sláinte Brookfield. Cuirfidh an togra €6 milliún seo saotharlanna ionsamhlúcháin leighis ar fáil d'fhochéimithe, d'iarchéimithe agus d'oiliúint CPD. Tabharfar an togra seo chun críche i bhFómhar na bliana 2015.

## Lárionad na Mac Léinn

Tá pleananna uaillmhianacha ag COC maidir le foirgneamh folamh Windle a fhorbairt agus a mhéadú d'fhonn Lárionad nua Mac Léinn a thógáil. Tabharfaidh ag togra seo seirbhís scaipthe na mac léinn le chéile faoi aon díon amháin in áislann a chuirfidh tacaíocht ar fáil do mhic léinn agus iad ar a gconair trí COC agus ina dhiaidh sin. Beidh spásanna nua nuálacha foghlama ar fáil ann chomh maith. Chuir foireann deartha faoi stiúir na nAiltirí O'Donnell + Tuomey chun oibre an 15 Nollaig 2014 agus táthar ag súil gur féidir cur isteach ar chead pleanála faoi dheireadh 2015.

## Páirc Eolaíochta agus Nuálachta Chorcaí

Tá COC ar thús cadhnaíochta san fhorbairt atá beartaithe le haghaidh Pháirc Eolaíochta agus Nuálachta Chorcaí (CSAIP) sa Churraichín. Cuireann CSAIP deis ar fáil don réigiún fostaíocht eolasbhunaithe a fhorbairt trí thaighde a scaipeadh, trí ghnólachtaí nua-thionscanta ardchumais, trí áiseanna foráis agus trí lándéantúsaíocht saincheirde.

Chuir Comhairle Contae Chorcaí máistirphlean creata le chéile don pháirc trí chéile agus ghlac an bord comhairleach leis, bord ar a bhfuil an príomhlucht leasa go léir. Chuir COC Máistirphlean Limistéir le chéile, agus ceapadh foireann deartha don fhoirgneamh tosaigh goir agus nuálachta. Tá dearadh an chéad fhoirgnimh de chóir a bheith críochnaithe agus cuirfear isteach ar chead pleanála i mí na Samhna 2015. Cuirfidh an togra deisanna suntasacha ar fáil maidir le poist a chruthú agus le forbairt gheilleagrach an réigiúin.

Tá faoin ollscoil, freisin, Ionad nua Feabhais Spóirt a fhorbairt ar thalamh nuafhaighte sa Churraichín. Ceapadh foireann deartha chun staidéar féidearthachta a chur le chéile in 2014 agus tabharfar an tuairisc féidearthachta chun críche ag tús 2016. Tabharfaidh an togra deis do COC na háiseanna nua spóirt a fhágáil d'fhonn deis a chur ar fáil d'fhorbairt chéimnithe CSAIP.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35










## Óifig Lóistín na Mac Léinn

Tá an ollscoil meáite ar lóistín saindeartha do mhic léinn a thógáil gar don champas. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh soláthar leordhóthanach lóistín ar fáil chun tacú le riachtanais fochéimithe agus chóhort na mac léinn idirnáisiúnta atá ag méadú i gcónaí. Táimid ar thóir deiseanna cuí forbartha/ceanacháin i gcónaí. Chomhaontaigh COC go gceannófaí 418 leaba i Muileann Victoria i mbliana agus táthar ag féachaint ar dheiseanna eile, leis. Thugadh uasghrádú mór €3m ar Victoria Lodge chun críche in 2014, chomh maith.

## Tograí atá ar siúl

Tá COC ag obair i gcomhar leis an HSE ar roinnt tionscadal a bhaineann le cúrsaí sláinte (e.g. Péidiatraic in CUH) agus ar shuíomhanna oiliúna cliniciúla eile chun áiseanna do mhic léinn a fheabhsú.

Fuarthas faomhadh pleanála do dhroichead nua do choisithe ar Inse Perrott mar chuid de phlean timpeallachta na hollscoile, a bhfuil maoiniú príobháideach aige. Meastar go dtosóidh an tógáil in 2016.

Tá gá le clár bliantúil fadtéarmach chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí cothabhála na seanfhoirgneamh ar eastát na hollscoile. Leanfaimid ar aghaidh ar thóir maoiniúcháin a bhfuil géarghá leis don chlár seo.

D'éirigh linn chomh maith tacaíocht a aimsiú do roinnt tograí feabhúcháin fuinnimh trí scéimeanna SEAI um Ionaid Oibre Níos Fearr Fuinnimh. Tá cuma mhaith ar chúrsaí maidir le sprioc na Seirbhíse Poiblí i dtaca le Laghdú Fuinimh 33% a bhaint amach i COC faoi 2020. Moladh an córas teasa limistéir a athsholáthar faoin gConradh Feidhmíochta Fuinnimh agus cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana in 2014/15.

Táthar ag leanúint ar aghaidh, chomh maith, le hoibreacha maolaithe tuilte sna háiteanna sin san ollscoil is mó atá i mbaol de thoradh ar phróiseas Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair na Laoi i gcomhar leis na hárachóirí.

Tá tacaíocht Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí do phlean forbartha fisiciúla na hollscoile ríthábhachtach do chlár caipitil. Tá sealúchas talún COC sách beag i gcomparáid le hollscoileanna eile na hÉireann. Cuireann sé sin brú nach beag orainn agus sinn ag iarraidh freastal ar riachtanais forbraíochta na hollscoile san am atá le teacht. Leanann COC ar aghaidh ag obair leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le húdaráis áitiúla d'fhonn a chinntiú go mbeidh ar chumas na hollscoile freastal ar a riachtanais forbraíochta amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.

CÚL AN CHLÚDAIGH


CLÁR NA nÁBHAR



RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35




# Cork University Press




## The Irish Hand: Scribes and their Manuscripts from the Earliest Times le Timothy O'Neill

Eagrán athbhreithnithe agus méadaithe é seo de shaothar a mheastar a bheith ina cheannsaothar ar lámhscríbhinní na nGael. Sa leabhar nua seo tá íomhánna digiteacha ar ardchaighdeán de shaothar na nGaelscríobhaithe i rith na gcéadta bliain. Tugann scéalta iontacha ar theacht slán na lámhscríbhinní léargas ar stair chultúir na hÉireann, ar a teanga, ar a scoláirí agus ar a scríobhaithe.

**Liostaithe i measc na ndeich leabhar is mó díol in *The Irish Times* in 2014.**

## James Barry's Murals at the Royal Society of Arts: Envisioning a New Public Art le William L. Pressly

Idir 1777 agus 1784, rinne an t-ealaíontóir Éireannach James Barry (1741–1806) sé mhúrphictiúr don Mhórsheomra i gCumann Ríoga na nEalaíon i Londain. Cé go bhfuil a shaothar ar an tsraith is suntasaí péintéireachtaí staire sa Bhreatain Mhór, is beag an cur amach atá orthu go dtí seo i gcúrsaí ealaíne na Breataine de bhrí gur bheag aird a thug lucht léirmheasta nó an pobal i gcoitinne orthu.

## The Irish Soccer Split le Cormac Moore

Agus úsáid á baint aige as raidhse foinsí príomha de chuid an IFA, an FAI, FA Shasana agus Cumann Sacair Laighean, mar aon le foinsí comhaimseartha nuachtáin, déanann *The Irish Soccer Split* cur síos ar na himeachtaí agus na cúiseanna a bhain leis an deighilt i gcúrsaí sacair in Éirinn. Cuirtear an sacar i gcomparáid le spóirt eile a d'fhan le chéile tar éis na deilghilte. Déanann *The Irish Soccer Split* cur síos ar bhlianta tosaigh an FAI agus ar na hiarrachtaí rinneadh aitheantas idirnáisiúnta a bhaint amach. Rinneadh go leor iarrachtaí an scoilt a chur ina cheart i rith na 1920idí agus ag tús na 1930idí. Rinneadh iarrchtaí arís eile i rith na dTrioblóidí sna 1970idí agus sna 1980idí d'fhonn foireann idirnáisiúnta uile-Éireann a bhunú. Ba bheag nár éirigh le roinnt iarrachtaí, ach chlis orthu i ndeireadh na dála, rud a d'fhág cúrsaí sacair in Éirinn mar atá sa lá atá inniu ann - deighilte go polaitiúil idir Thuaidh agus Theas.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35




# Airgeadas

## Forléargas

Lean meathlú an airgeadais phoiblí ar aghaidh agus dá bhrí sin tháinig laghdú eile ar mhaoiniú an Státchiste don ollscoil, rud a d'fhag go ndearnadh laghdú 7.4% go €35.1 milliún ar mhaoiniú na bliana roimhe sin. Ó 2008 i leith, tháinig laghdú €47 milliún ar an deontas láir.

Leagadh béim níos mó athuair ar mhaoiniú a aimisú ó fhoinsí eile seachas an Státchiste, go háirithe de bhun mic léinn ó lasmuigh den AE agus mic léinn iarchéime a earcú. In ainneoin gur éirigh linn sna hiarrachtaí sin agus in ainneoin gníomhaíochtaí leanúnacha tráchtála, áfach, níor chúitigh an fás a tháinig ar fhoinsí eile ioncaim nach ón Státchiste iad an t-easnamh a d'fhág an laghdú.

## Forbairt Chaipitil

Cé go ndearnadh laghdú ar an bhforbairt ar chúrsaí teagaisc a mhaoiníonn an Státchiste le blianta beaga anuas mar thoradh ar mheathlú an airgeadais phoiblí, ba iad na tograí sin a raibh tacaíocht acu ó mhaoiniú taighde réamhcheadaithe PRTLI5 agus ó acmhainní na hollscoile féin, agus iadsan amháin ar cuireadh tús leo in 2015. Ina measc tá forbairt Fhoirgeamh Beaufort mar aon le lóistín breise do mhic léinn a ceannaíodh chun freastal ar an síor-éileamh ar áiteanna i COC.

Thug an Ollscoil, le tacaíocht lucht Tionscail, forbairt ionad ASSERT i gColáiste an Leighis agus na Sláinte chun críche. I bhfianaise easpa tacaíochta i bhfoirm bonneagair Stáit don earnáil, tá áis iasachta tugtha chun críche ag an ollscoil le EIB chun tacú le riachtanais na hollscoile sna cúig bliana atá romhainn amach.






## Taighde

Tháinig méadú de bhreis is €46m go €90m ar ioncam taighde in 2015, rud atá ag teacht le treochtaí le blianta beaga anuas. Is an t-ioncam ó thaighde anois agus um 33% d'ioncam uile COC.

Tá an fás suntasach seo ar mhaoiniú taighde ag tarlú i dtimpeallacht atá ag éirí níos iomaíche de réir a chéile agus a bhfuil laghdú tagtha ar an maoiniú náisiúnta atá ar fáil le blianta beaga anuas. D'éirigh go hiontach le COC foinsí an mhaoiniúcháin taighde a aistriú ó mhaoinitheoirí náisiúnta i dtreo an AE agus lucht tionscail.

Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht a chuirtear ar fáil le cláir a mhaoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann; an tÚdarás um Ard-Oideachas lena Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI); Comhairle na hÉireann um Thaighde Eolaíochtaí, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta; an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta; agus gníomhaireachtaí eile Stáit agus idirnáisiúnta.

## An t-am atá romhainn amach

I bhfianaise laghdú a bheith á dhéanamh ar feadh ocht mbliana ar mhaoiniú an Státchiste don ardoideachas, tabharfaidh 2016 ár ndúshlán arís eile. Cuireadh maoiniú íosta i leataobh do riachtanais bhonneagair an champais - rud a chuireann brú ar mhaoiniú oibríochtúil.

Ní dócha go dtiocfaidh aon fheabhas ar chúrsaí airgeadais an Stáit, ó thaobh mhaoiniú an ardoideachais de go háirithe, agus sinn ag súil le foilsiú na tuarascála ón nGrúpa Saineolaithe um Maoiniú Ardoideachais ag tús 2016.

In ainneoin brú a bheith ar mhaoiniú náisiúnta, tá sé ríthábhachtach, má tá ár gcóras ollscoile le bheith iomaíoch go hidirnáisiúnta agus más mian linn dlús a chur faoin teacht aniar, go n-aontófaí ar mhúnla oiriúnach, seasmhach, intuartha maoiniúcháin don earnáil ionas go seachnófar aon mheath eile ar chaighdeán ár seirbhísí do mhic léinn.

CÚL AN CHLÚDAIGH

CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 1
SPLÉACHADH AR COC 2
FORLÉARGAS AIRGEADAIS 4
CEILIÚRADH AR GEORGE BOOLE 5
FORBAIRTÍ ACADÚLA 10
TEAGASC AGUS FOGHLAIM 12
SAOL NA MAC LÉINN AGUS EISPÉIREAS NA MAC LÉINN 15
TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT 22
IDIRNÁISIÚNÚ 28
FORBAIRT CHAIPITIL 30
CORK UNIVERSITY PRESS 33
AIRGEADAS 34
BAILL ÚDARÁS NA hOLLSCOILE 2015-19 35







# Baill Údarás na hOllscoile 2015-19

**Príomh-Oifigeach**
An Dr Michael Murphy, Uachtarán

**Cathaoirleach**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha**
An tOllamh Caroline Fennell,
Leas-Uachtarán Sinsearach um
Ghnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir

**Ollúna/Ollúna Comhlacha**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh John Cryan
An tOllamh Mary Horgan
An tOllamh Paul McSweeney
An tOllamh Nora O'Brien

**An Fhoireann Acadúil**
An Dr Louise Crowley
Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Piaras MacÉinrí
An Dr Marian McCarthy

**An Fhoireann Ghairmiúil**
Sinead Hackett
Gary Hurley
JP Quinn

**Mic Léinn**
Mark Stanton, Uachtarán,
Comhaltas na Mac Léinn
Joe Kennedy, Oifigeach Oideachais,
Comhaltas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime**
Eileen O'Donovan, Oifigeach na
nIarchéimithe, Comhaltas na Mac Léinn

**Baill a ainmníonn Eagraíochtaí Seachtracha**
Dermot Breen (IBEC)
Gillian Keating (Cumann Lucht Tráchtála Chorcaí)
Maureen Kennelly (Poetry Ireland)
Ted Owens (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)

**Baill a ainmníonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta**
Alan Crosbie
An tOllamh Adrian Dixon
An Dr Beatrice Doran
An tOllamh Suzanne Quin

**Céimithe**
Owen Dinneen
An Dr Rosarii Griffin
An Dr Valerie Mannix

**Ard-Mhéara Chorcaí**
An Cllr Chris O'Leary

**Méara Limistéar Meitreapholaiteach Phort Láirge**
An Cllr Eamon Quinlan

**Baill a ainmníonn Ollscoil na hÉireann**
Nuala O'Connor
Dermot O'Mahoney

**Baill a ainmníonn Comhairlí na gContaetha Riaracháin:**
Corcaigh: An Cllr Bernard Moynihan
Port Láirge: An Cllr John Cummins
(Méara na Cathrach agus an Chontae)
Ciarraí: An Cllr Jim Finucane
Luimneach: An Cllr Eddie Ryan
Comh-Chomhairlí Contae Thiobraid Árann:
An Cllr Michael Fitzgerald